**Caingean arna tabhairt an 7 Eanáir 2022 – Wajos v EUIPO (Foirm bhuidéil)**

**(Cás T-10/22)**

(2022/C 84/72)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Wajos GmbH (Dohr, an Ghearmáin) (ionadaithe: N. Böhmer agus J. Schneiders, Rechtsanwälte)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú trádmhairc thríthoisigh de chuid an Aontais Eorpaigh (Foirm bhuidéil) – Uimhir chláraithe 14 886 097

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de chuid EUIPO an 21 Deireadh Fómhair 2021 i gcás R 2958/2019-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar an bprionsabal maidir le *res judicata*;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2022 – Motel One v EUIPO – Apartment One (APART MENT ONE SLEEP CLEVER.)**

**(Cás T-15/22)**

(2022/C 84/73)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Iarratasóir:* Motel One GmbH (München, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Hartmann, S. Fröhlich agus H. Lerchl, Rechtsanwälte)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc:* Apartment One GbR (Grasbrunn, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an trádmhairc fhíortha de chuid an Aontais APART MENT ONE SLEEP CLEVER. – Uimhir chláraithe 18 009 642

*Imeachtaí os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de chuid EUIPO an 20. Deireadh Fómhair 2021 i gcás R 564/2021-5